Nuachtlitir Drámaíochta

Feabhra – Márta 2017

Féile Náisiúnta Drámaíochta 2017

in Amharclann Chois Fharraige
Conamara

28, 29,30 Aibreán

"Drámaí Nua ó cheithre Chúige,
Drámaí fós atá suimiúil fiúntach
Is drámaí éigse ó thobar an dúchais."

Léirithe / Féilte / Ceardlanna

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146
eolas@drama-gaeilge **www.drama-gaeilge.com**

Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne

Radharc as an dráma *Cailleacha an Dúna* a bheidh ar stáitse go luath ag Aisteoirí Bhréanainn. Tá an dráma bunaithe ar scéal ón mBlascaod Mór – scéal a bhíodh ag Peig Sayers agus ag Bab Feiritéar. Beidh an léiriú á stiuradh ag Marina Ní Dhubháin. **Beidh Féile Drámaíochta Chorca Dhuibhne ar siúl i Halla na Feothanaí an 6 – 7 Aibreán.**

Aisteoirí Chúil Aodha

Is é leagan drámaíochta den dán cáiliúil, *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*, a bheidh á léiriú ag Aisteoirí Chúil Aodha ag féilte na bliana seo. Ar ndóigh, bhain Art Ó Laoghaire le Múscraí agus i 1773 maríodh é i gCarraig an Ime nach bhfuil ach tamall beag ó thuaidh den gceantar sin.

Aisteoirí an Spidéil

Beidh *The Country Boy* le John Murphy aistrithe go Gaeilge ag Pádraig Ó Neachtain ar stáitse ag Aisteoirí an Spidéil ag deireadh mhí na Márta. Is é Maidhc P. Ó Conaola a bheidh i mbun léirithe.

Dráma le Joe Steve Ó Neachtain in Árainn

Deir Coireall Ó Flaithbheartaigh, Inis Mór, Árainn linn go bhfuil an dráma *Níor Mhaith Linn Do Thrioblóid* le Joe Steve Ó Neachtain roghnaithe ag Aisteoirí Árainn le léiriú. Cuirfear eolas chugainn nuair a bheidh dáta socraithe. Go n-éirí leo.

Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill

Dráma nua eile scríofa ag Francie

– an 14ú dráma fada atá againn óna pheann ó 2004

Proinsias Ó Cuilinn ag plé ceann de sna míreanna ina dhráma nua *Cothaíonn Bréag Bréaga* leis na haisteoirí (ó chlé) Seosamh Ó Cuilinn, Aodh Mac Laifeartaigh, Aoife Nic Con Iomaire agus Síle Ní Fhriel. Deichniúr aisteoirí atá sa dráma seo a bhaineann le caismirt agus caimiléireacht an lae inniu!

Typhus

dráma le Máirtín Ó Cadhain

á léiriú ag Scoil Éigse Chamais, Conamara

Páirteach sa dráma tá –
Jacinta Ní Chonghaile, Micheál Ó Fátharta, Máirín Uí Chonghaile agus Máirín Mhic Lochlainn.
Léiriú le Seán Ó Morónaigh.

Tá an dráma á chleachtadh sa scoil i gCamas ina raibh Máirtín Ó Cadhain ina phríomh-oide (1928–1932).

Cumann Nua i gConamara

Tá Cumann Drámaíochta nua tosaithe i gConamara agus dráma á chleachtadh acu cheana féin. Is é ‘Miss Jones’ teideal an dráma agus ba é Cumann Drámaíochta Thír an Fhia a chum roinnt mhaith blianta ó shin. Deir an rúnaí, Mairéad Ní Mhocháin, go mbeidh teideal roghnaithe don gCumann Drámaíochta nua seo sara fada.

Cumann Drámaíochta Ráth Chairn

Sa dráma *An Dochtúir Bréige*
le Molière atá á chleachtadh faoi
láthair ag Cumann Drámaíochta
Ráth Chairn.
(ar chúl, ó chlé):
Éanna Ó Cróinín, Hannah Ní Bhaoill,
Bríd Ní Chofaigh, Cian Ó Faogháin,
Cáit Nic Fhionn agus Nóra Ní
Mhéalóid.
(chun tosaigh) Seán Mac Donnacha
agus Catherine Ní Chofaigh.

Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach

Tá an dráma *Bosca Philib A' Chleite* le Stephen Bean, aistrithe ag Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach agus beidh sé ar an stáitse acu ag Féile Cheatharlach an 31 Márta. Beidh Cumann Drámaíochta Ráth Chairn páirteach sa bhféile sin freisin.

Ceardlann agus Léirithe Drámaíochta na gColáistí

Beidh An Cumann Drámaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus An Cumann Drámaíochta UCC, Corcaigh páirteach i gCeardlann Drámaíochta á stiúradh ag Muiris Ó Súilleabháin i Halla Íde, Sráid Thomáis, Luimneach an Satharn 18 Feabhra.
Is é an Dráma *Cogar sa Pháirc* le Alan Ayckbourn a bheidh á léiriú go luath ag OEG, Gaillimh agus tá an cumann i UCC ag obair ar an dráma fada *Is É A Dúirt Polonius* le Críostóir Ó Floinn.



Caitríona Ní Dhomhnaill,
An Cumann Drámaíochta, Ollscoil na hÉireann,
Gaillimh.

Pádraig Seosamh Ó Mathúna
agus Liam Ó Riain, An Sean-Phobal,
a chuirfidh *An Gobán Saor & a Mhac*
i láthair ag Éigse na Féile Náisiúnta.

Comóradh ar na Fíníní !

Éirí na Gealaí le Lady Gregory
á léiriú ag Aisteoirí Thamhlachta

13ú Márta 2017 i Rua Red ag an gCearnóg ag 6.30pm

agus

Beidh Tomás Ó Meachair, staraí áitiúil, ag tabhairt léachta ar "Na Fíníní agus An tÉirí Amach i dTamhlacht

Amhráin a bhaineann leis an dtréimhse á gcanadh ag Club Óige Feachtas Thamhlachta

Aisteoirí Thamhlachta.
Ar chúl (ó chlé) Nollaig Ó Sceallaigh, Ciarán Mac Mathúna agus Tomás Ó Maoilreanaí.
Chun tosaigh: Pól ÓMeadhra agus Loretta Ní Churraighín.

Aisteoirí Bhinn Ghulbain, Sligeach

Deir Mairéad Ní Ghonlaigh linn go mbeidh an dráma *An Mhéir Fhada* le Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coistealbha á léiriú le linn Seachtain na Gaeilge ag an gcumann drámaíochta nua seo.
Sna pictiúir thíos tá triúr de sna haisteoirí atá sa dráma (ó chlé) – Brian Ó Dálaigh, Criostóir Ó hAnlúin agus Daniela Francesca Attard.



50

CEILIÚRADH 50 BLIAIN

AISTEOIRÍ BULFIN

DÉ SATHAIRN 25Ú MÁRTA 2017; 7:30PM
AMHARCLANN AN AXIS, BAILE MUNNA
WWW.AXISBALLYMUN.IE

Aisteoirí Bulfin

an comhlachas náisiúnta drámaíochta